

# An Bhainis

Deirfiúr le Liam is ea Cáit. Phós sí Máirtín Ó Murchú as Luimneach an samhradh seo caite. Thug sí **cuireadh** dá cairde go léir **chun na bainise.** Ní bhfuair cairde Liam aon chuireadh. Fuair Cáit a lán **bronntanas** óna cairde. Fuair sí **cúpla foireann gréithe,** cúpla **cur scian, cóir throscáin** agus a lán rudaí eile.

I bparóiste Cháit a bhí an pósadh. Nuair a shroich Liam an séipéal bhí Muintir Uí Mhurchú i láthair. An sagart paróiste a léigh an tAifreann. Bhí **amhránaí** ag canadh le linn an Aifrinn. Léigh deartháir Liam an **ceacht.**

Tar éis an Aifrinn chuaigh an **lánúin, an fear a sheas** le Máirtín agus **an cailín coimhdeachta** isteach sa **sacraistí.** Shínigh siad an **clár pósadh.** Ba ghearr gur shiúil an lánúin amach arís. Sheas na daoine go léir agus seinneadh an **máirseáil bhainise.** Lasmuigh den séipéal bhí **grianghrafadóir** ag glacadh **grianghrafanna.** Dúirt gach éinne go raibh an **bhrídeach** go hálainn. Ar ball d'fhág siad an séipéal agus chuaigh siad go dtí **an t-óstán** i Luimneach.

Chuir **bainisteoir an óstáin** fáilte roimh an lánúin. Isteach san óstán leo go léir agus thug na fir aghaidh ar an **mbeár.** Chuaigh Liam in éineacht leo agus fuair sé gloine oráiste óna uncail.

Tar éis tamaill chuaigh siad isteach go dtí **an béile bainise.** Chonaic Liam an **cáca bainise** ar an **bpríomhbhord.** Shuigh na **haíonna** go léir chun boird agus roimh dheireadh an bhéile ghearr an lánúin an cáca. Ní bhfuair Liam ach giota beag de. Ansin thosaigh an chaint. Léigh an fear a sheas le Máirtín na **teileagraim.**

Thug an sagart paróiste **óráid** uaidh. Labhair **aithreacha** na lánúna. Sa deireadh labhair an **fear nua-phósta.** Bhí sé **ag crith** le heagla. Cheap Liam go raibh an chaint go léir **leadránach.**

Níos déanaí sa lá thosaigh **banna ceoil** ag seinm. Bhí Liam ag faire ar na haíonna go léir ag damhsa. Thaitin an bhainis go mór le Liam toisc go bhfuair sé a lán oráiste. Chuaigh Máirtín agus Cáit ag taisteal in Iarthar Chorcaí ar **mhí na meala.**

**Abairtí Úsáideacha:**

| | |
|---|---|
| Bhí sé ag crith le heagla.<br>Bhí eagla an domhain air.<br>Bhí sceon an domhain air.<br>Bhí sé scanraithe. | Bhí eagla air. |

## A. Foclóir

**foireann gréithe,** set of delf
**cur scian,** canteen of cutlery
**cóir troscáin,** suite of furniture
**an lánúin,** the married couple
**cailín coimhdeachta,** bridesmaid
**clár pósadh,** marriage register
**máirseáil bhainise,** wedding march
**grianghrafadóir,** photographer
**mí na meala,** honeymoon

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cad a thug Cáit dá cairde?
   — Thug sí bronntanas dóibh.
   — Thug sí cuireadh chun na bainise dóibh.
   — Thug sí gloine oráiste dóibh.

2. Cad a bhí á dhéanamh ag an amhránaí le linn an Aifrinn?
   — Bhí sé ag caint.
   — Bhí sé ag léamh leabhair.
   — Bhí sé ag canadh.

3. Cad a rinne bainisteoir an óstáin?
   — Ghearr sé an cáca bainise.
   — Chuir sé fáilte roimh an lánúin.
   — Thosaigh sé ag canadh.

## C. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

1. An sagart paróiste a - an tAifreann.
2. Bhí grianghrafadóir ag glacadh -.
3. Shínigh siad an - -.
4. Nuair a shroich siad an t-óstán, thug na fir aghaidh ar an -.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

amhránaí, cáca bainise, an bhrídeach, na haíonna,
foireann gréithe, ag crith, grianghrafanna, an lánúin.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a fuair Cáit óna cairde?
2. Cá raibh an pósadh?
3. Cá raibh an béile bainise ar siúl?
4. Cad a léigh an fear a sheas le Máirtín?
5. Luaigh cuid de na bronntanais a fuair Cáit.
6. Cén fáth nach bhfuair cairde Liam aon chuireadh?
7. Cad a bhí á dhéanamh ag na haíonna nuair a bhí an ceol ar siúl?
8. Cathain a ghearr an lánúin an cáca bainise?

## Gramadach 21

1. "Thug sé óráid **uaidh.**"
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan).
2. Roimh **dheireadh an bhéile** ghearr an lánúin an cáca bainise.
   Scríobh an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní:
   cosa (an t-ainmhí), i lár (an baile), ar thaobh (an claí),
   plaosc (an cnó), lámh (an duine).